



2025/1391

16.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1391 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Iúil 2025

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1186 a mhéid a bhaineann leis an tiúchan mheitileoganóil i mbláthola coirte cainéil

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1186 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh an tsubstaint bláthola coirte cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe ar feadh 10 mbliana.
- (2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1186, tagraítear go hearráideach do thiúchan uasta is incheadaithe an mheitileoganóil i mbláthola coirte cainéil dar luach '≥ 0,04 %', ach de réir na tuairime ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an 27 Meán Fómhair 2022 ⁽³⁾, níor cheart an tiúchan mheitileoganóil i mbláthola coirte cainéil dul thar 0,004 %.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1186 a cheartú dá réir.
- (4) Chun ionchais dhlisteanacha na n-oibreoirí gnólachtaí beatha a chaomhnú, ionchais a cruthaíodh le húdarú earráideach an bhreiseáin beathaithe bláthola coirte cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ghearr chun ligean do na hoibreoirí sin oiriúnú don cheartúchán a thugtar isteach leis an Rialachán seo.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1186

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1186, san iontráil a bhaineann leis an mbreiseán beathaithe bláthola coirte cainéil a shainaithnítear mar '2b133-eo', sa tríú colún 'Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse', faoin gceannnteideal 'Sonraíochtaí', in ionad na fleisce '- Meitileoganól: ≥ 0,04 %', cuirtear '- Meitileoganól: ≤ 0,004 %'.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1186 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2024 maidir le bláthola coirte cainéil agus bláthola duilleoige cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis áirithe ainmhíocha (IO L, 2024/1186, 25.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1186/oj).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(10):7601, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7601>.

*Airteagal 2***Bearta idirthréimhseacha**

An breiseán beathaithe bláthola coirte cainéil ó *Cinnamomum verum* J. Presl, mar a údaraítear é le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1186, agus réamh-mheascáin, an bheatha chumaisc agus na hábhair bheatha a bhfuil an breiseán sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Meán Fómhair 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Lúnasa 2025 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí an 5 Feabhra 2026.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN